2024/2868

8.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2868 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram é de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171, ó na Náisiúin Aontaithe maidir le tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe i dtaca le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*, agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc, maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 6, 7 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh leasú ar an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais, maidir le togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe, agus maidir le togra le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle [1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle [2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin déantar rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh Fóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe) agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 CEE-NA tograí

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

[2] Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

[3] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

(5) Ón 12 Samhain go dtí an 15 Samhain 2024, le linn an 194ú seisiún dá chuid, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 32, 33, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe; tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*, agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc; tograí le haghaidh modhnuithe ar RTDanna Uimh. 6, 7, agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh leasú ar an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais; togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe; agus togra le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le rúin ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle. Dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 maidir le glacadh na dtograí sin, is iomchuí é a leagan síos.

(7) Chun forbairtí teicniúla agus taithí sa réimse a chur san áireamh, na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna Uimh. 6, 7 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe, ní mór an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais; agus rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun dul chun cinn teicniúil a éascú agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht, ní mór na rialacháin seo a leanas a ghlacadh: rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*, agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc.

(9) Chun a áirithiú go leanfar d'obair na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla i ndáil le comhlíonadh feithiclí ar feadh a saolré, is gá an togra ón bhFionlainn le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla a ghlacadh, agus an tráth céanna, diúltú do na tograí le haghaidh théarmaí tagartha arna gcur isteach ag an Meitheal Neamhfhoirmiúil um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus ag Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 maidir le glacadh an togra ón bhFionlainn (agus, tríd an méid sin a dhéanamh, na tograí arna thíolacadh ag an meitheal neamhfhoirmiúil um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus ag Cónaidhm na Rúise a dhiúltú).

(10) Tá na tograí sin i gcomhréir le beartas an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i dtaca leis an earnáil mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, agus i gcomhréir freisin lena bheartais maidir leis an ngeopholaitíocht, leis an iompar, leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, agus tá tionchar an-dearfach acu ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar thrádáil idirnáisiúnta.

(11) I bhfianaise na dtairbhí sin, moltar vótáil i bhfabhar na dtograí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, le linn an 194ú seisiún a thionólfar idir an 12 Samhain agus an 15 Samhain 2024, is ea vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
VARGA M.

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
0	Togra le haghaidh shraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 0 ó na Náisiúin Aontaithe (IWVTA) ECE/TRANS/WP.29/1179, mír 78, bunaithe ar WP.29-193-16	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe forálacha idirthréimhseacha nua a thabhairt isteach.	ECE/TRANS/WP.29/2024/89
10	Togra le haghaidh shraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 10 ó na Náisiúin Aontaithe (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach) ECE/TRANS/WP.29/GRE/90, mír 29, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2023/27/Rev.1 arna leasú le GRE-90-19, GRE-90-21-Rev.3, GRE-90-36, GRE-90-37 agus GRE-90-38	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe forálacha idirthréimhseacha nua a thabhairt isteach maidir le tástálacha imdhíonachta radaithe. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an togra soiléiriú a dhéanamh ar an líon íosta coinníollacha oibriúcháin foistine maidir le córais tiomána feithiclí nach mór a chur san áireamh sa phlean tástála. Moltar sa togra freisin raon minicíochta na tástála imdhíonachta leictreamaighnéadaí a leathnú go 6 GHz chun stóinseacht a áirithiú maidir le seirbhísí móibíleacha úrscothacha agus tugtar isteach leis an seomra aisfhuaimnithe le haghaidh na tástála imdhíonachta leictreamaighnéadaí ar na fo-chóimeálacha leictreacha/leictreonacha de réir ISO 11452-11. Tugtar isteach leis an togra freisin teorainneacha nua astaíochtaí i gcomhair feithiclí a luchtaítear i dtimpeallachtaí neamhchónaithe, agus sna timpeallachtaí sin amháin.	ECE/TRANS/WP.29/2024/90
13	Togra le haghaidh shraith leasuithe 14 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/19, míreanna 97, 74 agus 76, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/10, ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2024/25 (arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-19-23), agus GRVA-19-11	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe feabhas a chur ar chomhsheasmhacht maidir le léirmhíniú cheanglais Iarscríbhinn 18, an téacs i Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le téacs Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe agus na nósanna imeachta measúnaithe céanna a éileamh le haghaidh córais rialaithe leictreonacha agus córais chasta rialaithe leictreonaigh araon. Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe forálacha idirthréimhseacha nua a thabhairt isteach.	ECE/TRANS/WP.29/2024/143
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 23 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 11 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/19, mír 76, bunaithe ar dhoiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-19-11	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe soiléiriú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tástáil de Chineál IIA a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, chun críoch líneála coscáin mhalartaigh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/148

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 12 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/19, mír 76, bunaithe ar dhoiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-19-11	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe soiléiriú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tástáil de Chineál IIA a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, chun críoch líneála coscáin mhalartaigh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/149
13	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 13 ar Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú Feithiclí Troma) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/19, mír 76, bunaithe ar dhoiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-19-11	Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe soiléiriú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tástáil de Chineál IIA a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, chun críoch líneála coscáin mhalartaigh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/150
13-H	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 13-H ó na Náisiúin Aontaithe (Coscánú gluaisteán paisinéirí) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/19, mír 71, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2024/26, (arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-19-24)	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le cead a thabhairt córais choscánaithe a úsáid, ar córais iad a bhraitheann go hiomlán ar úsáid fuinnimh leictrigh stóráilte, arna rialú ag an tiománaí, chun feidhmíocht an phríomhchoscánaithe a fhorordaítear sa rialachán seo a sholáthar. Tá an togra ar aon dul, i gcás inarb iomchuí, leis na hathruithe atá beartaithe le haghaidh Rialachán Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe agus áirítear ann forálacha breise lena gceanglaítear ar an gcóras bainistíochta fuinnimh rabhadh a thaispeáint ag tús timthrialla úsáide.	ECE/TRANS/WP.29/2024/147, WP.29-194-08
14	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe (Ancaireachtaí criosanna sábhála) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/123
16	Togra le haghaidh Shraith Leasuithe 10 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábhála) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 12, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/4 arna leasú le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le ceanglais shonracha a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear forálacha idirthréimhseacha, chomh maith le próiseas ceadaithe criosanna sábhála agus córas srianta amháin, tar éis an chinnidh na ceanglais maidir le criosanna sábhála agus córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh Isofix agus córais srianta linbh i-Size a shuiteáil, agus maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, a bhogadh ina dhá rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/118

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
16	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábhála) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/124
17	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 11 ar Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe (Neart na suíochán) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/125
21	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe (feistis inmheánacha) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/126
25	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 25 ó na Náisiúin Aontaithe (Tacaí cinn) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/127

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2868/oj

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
29	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 29 ó na Náisiúin Aontaithe (cábáin feithiclí tráchtála) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7, arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil)	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/128
43	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 43 ó na Náisiúin Aontaithe (Gloiniú sábháilteachta) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 10, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/19, arna leasú le mír 10 a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/100
46	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis amhairc neamhdhírigh) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, míreanna 11 agus 12, bunaithe ar GRSG-127-04-Rev.2, mar a atáirgtear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil, agus ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/21 arna leasú le mír 12 a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile. Ina theannta sin, is é is aidhm don togra soiléiriú a dhéanamh ar na ceanglais is infheidhme maidir le córais cheamara is monatóra agus réitítear leis an tsaincheist maidir le feithiclí a bhfuil earraí contúirteacha á n-iompar acu, ar feithiclí iad atá feistithe le gné lenar féidir na ciorcaid leictreacha a dhífhuinnmhiú.	ECE/TRANS/WP.29/2024/101, GRSG-194-12 (nó, i gcás inarb infheidhme, WP.29-194-12)
74	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 74 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Soilsiúcháin agus Solaschomharthaíochta a Shuiteáil le haghaidh Móipéidí) ECE/TRANS/WP.29/GRE/90, mír 20, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2024/9 arna leasú le GRE-90-15-Rev.1	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le ceanglais nua a thabhairt isteach maidir le treotháscairí roghnacha a shuiteáil ar rothair, lena n-áirítear feithiclí nach mó ná 25 km/h a n-uasluas dearaidh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/91

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
80	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 80 ó na Náisiúin Aontaithe (Neart na suíochán agus a n-ancaireachtaí (busanna)) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/131
86	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 86 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Soilsiúcháin agus Solaschomharthaíochta a Shuiteáil le haghaidh Feithiclí Talmhaíochta) ECE/TRANS/WP.29/GRE/90, mír 21, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2023/12/Rev.1 arna leasú le GRE-90-32	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le soiléirithe teicniúla a thabhairt isteach agus ceartúcháin eagarthóireachta a sholáthar maidir le hinfheictheacht gheoiméadrach lampaí, lena n-áirítear a líon agus a suíomh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/92
86	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 86 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Soilsiúcháin agus Solaschomharthaíochta a Shuiteáil le haghaidh Feithiclí Talmhaíochta) ECE/TRANS/WP.29/GRE/90, mír 21, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2024/10, arna leasú le GRE-90-32	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le soiléirithe teicniúla a thabhairt isteach agus ceartúcháin eagarthóireachta a sholáthar maidir le hinfheictheacht gheoiméadrach lampaí, lena n-áirítear a líon agus a suíomh.	ECE/TRANS/WP.29/2024/93
94	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 94 ó na Náisiúin Aontaithe (Cosaint ar imbhualadh tosaigh) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/132
95	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Cosaint ar imbhualadh taobhach) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2024/7 arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais a ailíniú leis an leasú is déanaí (athbhreithniú 7) ar an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), lena dtugtar isteach nós imeachta um chalabrúchán, ar nós imeachta é lena n-áirithítear go bhfuil gléas 3-T phointe an chromáin a úsáidtear le haghaidh gach tástála i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus i Rialacháin Theicniúla Dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhach agus go dtugtar leis torthaí tástála comhsheasmhacha i measc na rialachán uile.	ECE/TRANS/WP.29/2024/133

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
100	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 18, bunaithe ar GRSP-75-01-Rev.3.	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le raon feidhme chur i bhfeidhm an rialacháin a leathnú chun feithiclí de chatagóir O a chumhdach (leantóirí/leathleantóirí).	ECE/TRANS/WP.29/2024/121
100	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/75, mír 18, bunaithe ar GRSP-75-01-Rev.3.	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le raon feidhme chur i bhfeidhm an rialacháin a leathnú chun feithiclí de chatagóir O a chumhdach (leantóirí/leathleantóirí).	ECE/TRANS/WP.29/2024/122
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 10 a ghabhfadh leis an Leagan Bunaidh de Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/28	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/102, GRSG-194-13 (nó, i gcás inarb infheidhme, WP.29-194-13)
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/29	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/103
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/30	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/104
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/31	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/105

Rialachán Uimh.	Teideal na míre ar chlár oibre	Ábhar an Togra	Cód tagartha an doiciméid [1]
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/2	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/106
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/14	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe.	ECE/TRANS/WP.29/2024/107
110	Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus Feithiclí Gáis Nádúrtha Leachtaithe) ECE/TRANS/WP.29/GRSG/106, míreanna 28 agus 29, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2024/15 nár leasaíodh, ar GRSG-127-03 agus ar GRSG-127-21 mar a atáirgtear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil	Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis na ceanglais mharcála a mhodhnú i gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná rialachán amháin ó na Náisiún Aontaithe maidir le comhpháirt amháin, agus ar an gcaoi sin ceanglais Rialachán Uimh. 110 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialacháin Uimh. 67, 107 agus 158 ó na Náisiúin Aontaithe. Ina theannta sin, leis an togra, féachtar leis an mbrí atá le 'brú socraithe' a shoiléiriú agus a shainmhíniú.	ECE/TRANS/WP.29/2024/108
